2025/935

22.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/935 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Bealtaine 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice 'Slabhraí Luacha Domhanda' de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraí maidir leis an topaic 'Slabhraí Luacha Domhanda' a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2152, ionas go bhféadfar na sonraí sin a chur ar fáil, uair amháin gach 3 bliana, i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Rialachán sin, bunaithe ar shonraí inchomparáide agus comhchuibhithe, agus a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit an topaic 'Slabhraí Luacha Domhanda' chun feidhme i gceart cur chun feidhme ceart, is éard a dhéanfaidh an Coimisiún na hathróga, an t-aonad tomhais, an pobal staidrimh, na haicmiúcháin agus na miondealuithe, an sprioc-am le haghaidh tharchur na sonraí, agus an chéad tréimhse thagartha a shonrú.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 ón gCoimisiún ([2]) a leasú dá réir.

(3) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918.

([1]) IO L 327, 17.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice 'Slabhraí Luacha Domhanda' de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 159, 14.6.2022, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/918/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 31 Nollaig 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaice 'Slabhraí Luacha Domhanda'

Raon feidhme (sonraí maidir leis an topaic slabhraí luacha domhanda)	Athróg	Cineál
(i) Feidhmeanna gnó	(1) An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe	Sainordaitheach
(ii) Slabhraí Luacha Domhanda	(2) An líon fiontar a bhíonn ag ceannach earraí ón gcoigríoch	Sainordaitheach
	(3) An líon fiontar a bhíonn ag soláthar earraí ar an gcoigríoch	Sainordaitheach
	(4) An líon fiontar a bhíonn ag ceannach seirbhísí ón gcoigríoch	Sainordaitheach
	(5) An líon fiontar a bhíonn ag soláthar seirbhísí ar an gcoigríoch	Sainordaitheach
	(6) An líon fiontar a bhfuil comhpháirtithe trádála eachtracha acu laistigh agus lasmuigh den ghrúpa fiontar céanna	Sainordaitheach
(iii) Foinsiú idirnáisiúnta	(7) An líon fiontar a bhíonn ag déanamh foinsiú idirnáisiúnta	Sainordaitheach
	(8) An líon post a cruthaíodh san fhiontar mar thoradh ar fhoinsiú idirnáisiúnta	Sainordaitheach
	(9) An líon post a cailleadh (nó a athlonnaíodh chuig an gcoigríoch) mar thoradh ar fhoinsiú idirnáisiúnta	Sainordaitheach
	(10) An líon fiontar a bhfuil foinsiú idirnáisiúnta déanta acu nó a bhfuil sé beartaithe acu sin a dhéanamh	Sainordaitheach
(iv) Imeachtaí a bhfuil tionchar acu ar shocruithe slabhraí luacha domhanda	(11) An líon fiontar a bhíonn ag tuairisciú faoi thionchair ar shocruithe maidir le slabhraí luacha domhanda	Sainordaitheach
(v) Gluaiseacht feidhmeanna gnó	(12) An líon fiontar a bhíonn ag gluaiseacht feidhmeanna gnó	Deonach

Ní thagraíonn na hathróga (2), (3), (4), (5) agus (6) ach d'fhiontair a thuairiscíonn luach atá níos airde ná EUR 100 000 le haghaidh ar a laghad cineál amháin earraí nó seirbhísí a ceannaíodh ón gcoigríoch (athróga (2) agus (4)) nó a soláthraíodh ar an gcoigríoch (athróga (3) agus (5)) i mbliain deiridh na tréimhse tagartha. Níor cheart na sonraí a bhailiú i gcás na bhfiontar sin a bhfuil an luach réamhluaite níos lú ná EUR 100 000 dóibh le haghaidh na hathróige comhfhreagraí.

Aonad tomhais	Luach absalóideach
An pobal staidrimh	Le haghaidh na n-athróg uile: Táirgeoirí margaidh Ranna NACE B go O ina bhfuil 50 fostaí nó duine féinfhostaithe nó níos mó, i mbliain deiridh na tréimhse tagartha.
An spriocdháta le haghaidh sonraí a tharchur	Am + 21 mhí
An chéad tréimhse thagartha	2024 go 2026
Simplithe agus sonraíochtaí breise	***An riail maidir le 1 %*** Féadfar an riail maidir le 1 % a chur i bhfeidhm. Ní gá athróga a thiomsú faoin ngníomh cur chun feidhme seo más lú ná 1 % d'iomlán an Aontais ranníocaíocht an Bhallstáit i gcás *líon na bhfiontar ina bhfuil 50 fostaí agus duine féinfhostaithe nó níos mó, ar leibhéal comhiomlánaithe NACE B-O*, le haghaidh na bliana tagartha is déanaí a bhfuil na sonraí ar fáil ina leith faoi cheann t-18 mí. ***Sonraí a bhailiú*** Baileofar nó gheofar na sonraí fiontair seo a leanas ó chláir nó ó fhoinsí sonraí staidrimh nó riaracháin eile: — príomhghníomhaíocht eacnamaíoch an fhiontair, ag deireadh bhliain deiridh na tréimhse tagartha, bliain T, — an líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe, i mbliain deiridh na tréimhse tagartha, bliain T, agus — faisnéis maidir le rannpháirtíocht i ngrúpa fiontair. Féadfar sonraí eile (amhail príomhfheidhm ghnó an fhiontair) a bhailiú nó a fháil ó chláir nó ó fhoinsí sonraí staidrimh nó riaracháin eile, in ionad an tsuirbhé. Soláthraítear sainmhínithe breise ar athróga, ar mhiondealuithe agus ar mholtaí modheolaíochta chomh maith i lámhleabhar tiomsaitheoirí na slabhraí luacha domhanda.

MIONDEALUITHE

1. **Athróg (1) – An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe**

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na gníomhaíochta*

— Comhiomláin ranna NACE:

  — Iomlán: B+C+D+E+F+G+H+I+J+K+L+M+N+O (Tionscal, tógáil agus seirbhísí gnó)

  — B+C+D+E+F (Tionscal agus tógáil)

  — G+H+I+J+K+L+M+N+O (Seirbhísí gnó)

— Ranna NACE: B, C, D, E, F, G, H, I, J, K, L, M, N agus O

(2) *Miondealú de réir na feidhme gnó*

Le soláthar le haghaidh na ranna NACE uile agus chomhiomláin ranna NACE (B-O, B-F, agus G-O):

— Iomlán - Aon fheidhm ghnó

— Príomhfheidhmeanna gnó

— Feidhmeanna gnó tacaíochta

Le soláthar le haghaidh chomhiomláin ranna NACE amháin (B-O, B-F, agus G-O):

— Táirgeadh earraí

— Bainistíocht agus riarachán

— Innealtóireacht agus seirbhísí teicniúla gaolmhara

— Taighde agus forbairt

— Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

— Margaíocht, díolachán agus seirbhísí iardhíolacháin

— Iompar, lóistíocht agus stóráil

— Seirbhísí eile

(3) *Miondealú de réir aicme mhéide an lín fostaithe agus daoine féinfhostaithe*

Le soláthar le haghaidh chomhiomláin ranna NACE amháin (B-O, B-F, agus G-O):

— Iomlán - 50 fostaí nó duine féinfhostaithe nó níos mó

— Fiontair mheánmhéide – 50-249 bhfostaí agus duine féinfhostaithe

— Fiontair mhóra - 250 fostaí agus duine féinfhostaithe nó níos mó

2. **Athróg (2) – An líon fiontar a bhíonn ag ceannach earraí ón gcoigríoch**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta, an chineáil earraí agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na gníomhaíochta*

— Comhiomláin ranna NACE:

— Iomlán: B+C+D+E+F+G+H+I+J+K+L+M+N+O (Tionscal, tógáil agus seirbhísí gnó)

— B+C+D+E+F (Tionscal agus tógáil)

— G+H+I+J+K+L+M+N+O (Seirbhísí gnó)

(2) *Miondealú de réir an chineáil earraí a cheannaítear*

— Amhábhair a úsáidtear i bpróiseas táirgthe an fhiontair chomhfhreagraigh

— Comhpháirteanna atá mar chuid de tháirge an fhiontair chomhfhreagraigh

— Innealra agus trealamh teicniúil eile a úsáideann an fiontar comhfhreagrach

— Earraí deiridh (críochnaithe) a dhearann an fiontar comhfhreagrach lena n-athdhíol

— Earraí deiridh (críochnaithe) a dhearann fiontar eile lena n-athdhíol

— Earraí eile

— Iomlán

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Ballstáit an Aontais Eorpaigh

— Tíortha Eorpacha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad

— Tíortha neamh-Eorpacha

— Tíortha lasmuigh den Aontas (tíortha nach Ballstáit den Aontas iad)

— Iomlán

B. ***Miondealú de réir an chineáil earraí, stádas an ghrúpa agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir an chineáil earraí a cheannaítear*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir stádas an ghrúpa*

— Fiontair náisiúnta neamhspleácha

— Fiontair a bhaineann le grúpaí náisiúnta fiontar (ar grúpaí fiontar cónaitheach iad uile)

— Fiontair a bhaineann le grúpaí ilnáisiúnta fiontar (atá faoi rialú intíre nó rialú eachtrach)

— Fiontair a bhaineann le grúpaí ilnáisiúnta fiontar atá faoi rialú intíre

— Fiontair a bhaineann le grúpaí ilnáisiúnta fiontar atá faoi rialú eachtrach

— Fiontair a bhaineann le grúpaí ilnáisiúnta fiontar atá faoi rialú eachtrach, atá faoi rialú an mháthairaonaid (ceann an ghrúpa) laistigh den Aontas Eorpach

— Fiontair a bhaineann le grúpaí ilnáisiúnta fiontar atá faoi rialú eachtrach, atá faoi rialú an mháthairaonaid (ceann an ghrúpa) lasmuigh den Aontas Eorpach

— Iomlán

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

3. **Athróg (3) – An líon fiontar a bhíonn ag soláthar earraí ar an gcoigríoch**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta, an chineáil earraí agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na gníomhaíochta*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir an chineáil earraí a sholáthraítear*

— Amhábhair a úsáideann custaiméirí ar an gcoigríoch ina bpróiseas táirgthe féin

— Comhpháirteanna a úsáideann custaiméirí ar an gcoigríoch mar chuid dá dtáirge féin

— Innealra agus trealamh teicniúil eile a úsáideann custaiméirí ar an gcoigríoch

— Earraí deiridh (críochnaithe) a dhearann an fiontar comhfhreagrach lena n-athdhíol

— Earraí deiridh (críochnaithe) a dhearann fiontar eile lena n-athdhíol

— Earraí eile

— Iomlán

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

B. ***Miondealú de réir an chineáil earraí, stádas an ghrúpa agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir an chineáil earraí a sholáthraítear*

— Mar an gcéanna le hathróg (3), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir stádas an ghrúpa*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú B.

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

4. **Athróg (4) – An líon fiontar a bhíonn ag ceannach seirbhísí ón gcoigríoch**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta, an chineáil seirbhísí agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na gníomhaíochta*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir an chineáil seirbhísí*

— Bainistíocht agus riarachán

— Innealtóireacht agus seirbhísí teicniúla gaolmhara

— Taighde agus forbairt

— Seirbhísí teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide

— Margaíocht, díolachán agus seirbhísí iardhíolacháin

— Iompar, lóistíocht agus stóráil

— Seirbhísí eile

— Iomlán

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/935/oj

B. ***Miondealú de réir an chineáil seirbhísí, stádas an ghrúpa agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir an chineáil seirbhísí*

— Mar an gcéanna le hathróg (4), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir stádas an ghrúpa*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú B.

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

5. **Athróg (5) – An líon fiontar a bhíonn ag soláthar seirbhísí ar an gcoigríoch**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta, an chineáil seirbhísí agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na gníomhaíochta*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir an chineáil seirbhísí*

— Mar an gcéanna le hathróg (4), miondealú A.

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

B. ***Miondealú de réir an chineáil seirbhísí, stádas an ghrúpa agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir an chineáil seirbhísí*

— Mar an gcéanna le hathróg (4), miondealú A.

(2) *Miondealú de réir stádas an ghrúpa*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú B.

(3) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

6. **Athróg (6) – An líon fiontar a bhfuil comhpháirtithe eachtracha acu atá laistigh agus lasmuigh den ghrúpa fiontair céanna**

(1) *Miondealú de réir an chineáil comhpháirtí trádála eachtraigh*

Trádáil inghrúpa

— Earraí a sholáthar ar an gcoigríoch, go príomha ([1]) laistigh de ghrúpa an fhiontair féin

— Seirbhísí a sholáthar ar an gcoigríoch, go príomha laistigh de ghrúpa an fhiontair féin

— Earraí a cheannach ón gcoigríoch, go príomha ó ghrúpa an fhiontair féin

— Seirbhísí a cheannach ón gcoigríoch, go príomha laistigh de ghrúpa an fhiontair féin

Trádáil lasmuigh den Ghrúpa

— Earraí a sholáthar ar an gcoigríoch, go príomha lasmuigh de ghrúpa an fhiontair féin

— Seirbhísí a sholáthar ar an gcoigríoch, go príomha lasmuigh de ghrúpa an fhiontair féin

— Earraí a cheannach ón gcoigríoch, go príomha lasmuigh de ghrúpa an fhiontair féin

— Seirbhísí a cheannach ón gcoigríoch, go príomha lasmuigh de ghrúpa an fhiontair féin

Iomláin

— Iomlán na trádála earraí inghrúpa

— Iomlán na trádála earraí lasmuigh den ghrúpa

— Iomlán na trádála seirbhísí inghrúpa

— Iomlán na trádála seirbhísí lasmuigh den ghrúpa

— Iomlán na trádála earraí

— Iomlán na trádála seirbhísí

— Iomlán na trádála

([1]) Leis an bhfrása ‘go príomha’, tagraítear do níos mó ná leath de thrádáil eachtrach an fhiontair maidir le gach cineál trádála (earraí a sholáthar, seirbhísí a sholáthar, earraí a cheannach, agus seirbhísí a cheannach).

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/935/oj

7. **Athróg (7) – An líon fiontar a bhíonn ag déanamh foinsiú idirnáisiúnta**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta agus na haicme méide***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na gníomhaíochta*

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

(2) *Miondealú de réir aicme mhéide an lín fostaithe agus daoine féinfhostaithe*

Le soláthar le haghaidh chomhiomláin ranna NACE amháin (B-O, B-F, agus G-O):

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

B. ***Miondealú de réir na feidhme gnó agus de réir an chineáil comhpháirtí gnó***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na feidhme gnó*

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

(2) *Miondealú de réir an chineáil comhpháirtí gnó*

— Iomlán - Aon chomhpháirtí gnó

— Foinsiú inmheánach - Comhpháirtí gnó laistigh den ghrúpa fiontair céanna

— Eisfhoinsiú - Comhpháirtí gnó lasmuigh den ghrúpa fiontair céanna

C. ***Miondealú de réir na feidhme gnó agus an limistéir gheografaigh***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na feidhme gnó*

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

(2) *Miondealú de réir an limistéir gheografaigh*

— Ballstáit an Aontais Eorpaigh

— Tíortha lasmuigh den Aontas (tíortha nach Ballstáit den Aontas iad)

— Iomlán

— an Ríocht Aontaithe

— Tíortha Eorpacha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad

— an tSín

— an India

— Tíortha eile na hÁise agus na hAigéine

— Stáit Aontaithe Mheiriceá

— Ceanada

— Meiriceá Láir agus Theas

— an Afraic

D. ***Miondealú de réir na feidhme gnó agus stádas an ghrúpa***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir na feidhme gnó*

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

(2) *Miondealú de réir stádas an ghrúpa*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú B.

E. ***Miondealú de réir an chineáil comhpháirtí gnó agus stádas an ghrúpa***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir an chineáil comhpháirtí gnó*

— Mar an gcéanna le hathróg (7), miondealú B.

(2) *Miondealú de réir stádas an ghrúpa*

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú B.

8. **Athróg (8) – An líon post a cruthaíodh san fhiontar mar thoradh ar fhoinsiú idirnáisiúnta**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta***

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

B. ***Miondealú de réir na feidhme gnó***

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

C. ***Miondealú de réir stádas poist ardscileanna***

— Iomlán

— Poist ardoilte

— Poist nach poist ardoilte iad

9. **Athróg (9) – An líon post a cailleadh (nó a athlonnaíodh chuig an gcoigríoch) mar thoradh ar fhoinsiú idirnáisiúnta**

A. ***Miondealú de réir na gníomhaíochta***

— Mar an gcéanna le hathróg (2), miondealú A.

B. ***Miondealú de réir na feidhme gnó***

— Mar an gcéanna le hathróg (1).

C. ***Miondealú de réir stádas poist ardscileanna***

— Mar an gcéanna le hathróg (8), miondealú C.

10. **Athróg (10) – An líon fiontar a bhfuil foinsiú idirnáisiúnta déanta acu nó a bhfuil sé beartaithe acu sin a dhéanamh**

A. ***Miondealú de réir spreagadh foinsithe idirnáisiúnta agus thábhacht na bhfachtóirí***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir spreagadh foinsithe idirnáisiúnta*

— Costais saothair a laghdú

— Laghdú ar chostais seachas costais saothair

— Rochtain ar mhargaí nua

— Easpa lucht saothair cháilithe sa tír chónaithe

— Rochtain ar shaineolas/teicneolaíochtaí speisialaithe

— Cáilíocht fheabhsaithe nó táirgí nua a thabhairt isteach

— Fócas ar an bpríomhghnó

— Laghdú ar amanna seachadta

— Cinntí straitéiseacha a rinne ceann an ghrúpa

— Rialáil fhabhrach ar an gcoigríoch a dhéanann difear don fhiontar, e.g. níos lú rialáil chomhshaoil, córas cánach fabhrach

— Na heachtraí a tharla le déanaí agus fachtóirí tráthúla eile (trí mhír ar a mhéad) a chur san áireamh

(2) *Miondealú de réir thábhacht na bhfachtóirí*

— Tábhachtach mhór

— Measartha tábhachtach

— Gan tábhacht

— Ní bhaineann le hábhar/Níl a fhios agam

B. ***Miondealú de réir bacainní foinsithe idirnáisiúnta agus thábhacht na bhfachtóirí***

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir bacainní ar foinsiú idirnáisiúnta*

— Bacainní dlí nó riaracháin

— Saincheisteanna cánachais

— Taraifí agus bacainní trádála

— Rochtain ar mhaoiniú nó srianta airgeadais eile

— Bacainní teanga nó cultúrtha

— Ní mór a bheith gar do chliaint atá ann faoi láthair i [tír chónaithe]

— Deacrachtaí maidir le soláthraithe féideartha/oiriúnacha a shainaithint thar lear

— Neamhchinnteacht maidir le cáilíocht na dtáirgí/seirbhísí thar lear

— Easpa lucht saothair cháilithe ar an gcoigríoch

— An imní atá ar na fostaithe (lena n-áirítear na ceardchumainn)

— An imní fhoriomlán atá ann go sáróidh an oibríocht foinsithe na sochair a bhfuil coinne leo

— Bacainní agus fachtóirí, lena gcuirtear san áireamh imeachtaí a tharla le déanaí, agus bacainní agus fachtóirí tráthúla eile (trí mhír ar a mhéad)

(2) *Miondealú de réir thábhacht na bhfachtóirí*

— Mar an gcéanna le hathróg (10), miondealú A.

11. **Athróg (11) – An líon fiontar a bhíonn ag tuairisciú faoi thionchair ar shocruithe maidir le slabhraí luacha domhanda**

Díríonn an miondealú seo ar theagmhais nó saincheisteanna tráthúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shocruithe maidir le slabhraí luacha domhanda, agus ní féidir níos mó ná 15 mhír a bheith ann.

Ní mór na sonraí a sholáthar mar theaglaim de na miondealuithe uile a liostaítear thíos.

(1) *Miondealú de réir imeachtaí nó saincheisteanna a bhfuil tionchar acu ar shocruithe luacha domhanda le haghaidh an fhiontair*

— Imeachtaí nó saincheisteanna tráthúla a dhéanann difear d'fháil earraí nó do rochtain ar sheirbhísí

— Imeachtaí nó saincheisteanna tráthúla a bhaineann le gluaiseacht earraí agus pearsanra chuig an gcoigríoch

— Imeachtaí nó saincheisteanna tráthúla a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí foinsithe idirnáisiúnta agus do na gníomhaíochtaí cúlfhoinsithe idirnáisiúnta

— Imeachtaí nó saincheisteanna reatha eile a dhéanann difear do shocruithe maidir le slabhraí luacha domhanda

(2) *Miondealú de réir thábhacht na bhfachtóirí*

— Mar an gcéanna le hathróg (10), miondealú A.

12. **Athróg (12) – An líon fiontar a bhíonn ag gluaiseacht feidhmeanna gnó**

Tá bailiú agus tarchur na sonraí le haghaidh na hathróige seo go hiomlán deonach, rud a thugann an rogha d'aon údarás staidrimh náisiúnta gan an athróg seo a chur chun feidhme laistigh de raon feidhme an ghnímh cur chun feidhme agus na hiarscríbhinne a ghabhann leis.

Is féidir na míreanna agus na miondealuithe a liostaítear san athróg seo a mhodhnú fós tar éis an gníomh cur chun feidhme agus an iarscríbhinn a ghabhann leis a ghlacadh.

(1) *Miondealú de réir an chineáil gluaiseachta feidhme gnó*

Foinsiú intíre

— Gluaiseacht ón bhfiontar chuig fiontair eile laistigh den ghrúpa fiontair céanna sa tír thuairiscithe

— Gluaiseacht ón bhfiontar chuig fiontair eile lasmuigh den ghrúpa fiontair céanna sa tír thuairiscithe

— Iomlán an fhoinsithe intíre

Cúlfhoinsiú

— Gluaiseacht ó chomhpháirtithe an fhiontair i dtír eile de chuid an Aontais chuig comhpháirtí sa tír thuairiscithe

— Gluaiseacht ó chomhpháirtithe an fhiontair lasmuigh den Aontas chuig comhpháirtí sa tír thuairiscithe

— Iomlán an Chúlfhoinsithe

Foinsiú indíreach

— Gluaiseacht ó chomhpháirtithe an fhiontair i dtír amháin de chuid an Aontais chuig comhpháirtí atá i dtír eile de chuid an Aontais (nach í an tír thuairiscithe í)

— Gluaiseacht ó chomhpháirtithe an fhiontair lasmuigh den Aontas chuig comhpháirtí i dtír de chuid an Aontais (nach í an tír thuairiscithe í)

— Gluaiseacht ó chomhpháirtithe i dtír amháin de chuid an Aontais chuig comhpháirtí i dtír lasmuigh den Aontas

— Gluaiseacht ó chomhpháirtithe lasmuigh den Aontas chuig comhpháirtí i dtír eile lasmuigh den Aontas

— Iomlán an fhoinsithe indírigh

— Aon ghluaiseacht feidhmeanna gnó (Iomlán).'

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/935/oj